Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2021
(OR. en)

9364/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0228(COD)**

**CODEC 807**
**TRANS 351**
**FIN 407**
**CADREFIN 272**
**POLGEN 88**
**COH 9**
**ENER 253**
**TELECOM 236**
**COMPET 445**
**MI 421**
**ECO 59**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 6 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagail 172 agus 194 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 19 Meán Fómhair 2018[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 10 Deireadh Fómhair 2018[3].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 17 Aibreán 2019[4].

---

[1] 9951/18 + ADD 1 agus 2.
[2] IO C 440, 6.12.2018, lgh. 191–198.
[3] IO C 461, 21.12.2018, lgh. 173–195.
[4] 8577/19.

5. An 24 Márta 2021, dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air.

6. An 15 Aibreán 2021, dhaingnigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) agus Coiste Pharlaimint na hEorpa um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) an comhaontú sealadach agus sheol a gcathaoirligh litir ina dhiaidh sin chuig cathaoirleach Coreper á dhearbhú gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas:

- a seasamh ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in 6115/21 + REV 1 (et) é agus an ráiteas ar chúiseanna, mar a leagtar amach in 6115/21 ADD 1 é, a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;
- an ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ón gCoimisiún, mar a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo é, a fhormheas.

8. Leagtar an ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ón gCoimisiún atá le cur le miontuairiscí chruinniú na Comhairle amach in Aguisín 1. Leagtar an ráiteas ón bPolainn atá le cur le miontuairiscí chruinniú na Comhairle amach in Aguisín 2.